Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

Stampa an Ionaid

Scrúdú na hArdteistiméireachta

Gaeilge Gnáthleibhéal

Páipéar I

Uair an chloig agus caoga nóiméad

Cuid I: Cluastuiscint

(60 Marc, thart ar fiche nóiméad)

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

PÁIPÉAR SAMPLACH

Don Scrúdaitheoir					
Cuid I: Cluastuiscint					
CUID A		**CUID B**		**CUID C**	
Ceist	Marc	Ceist	Marc	Ceist	Marc
1		1		1	
2		2		2	
Iom.		Iom.		Iom.	

Na hIomláin	
Cuid I: Cluastuiscint	
A	
B	
C	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid I: Cluastuiscint

(60 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá cheann*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cén dáta a mbeidh an tsiúlóid ar siúl?	
Cén áit a mbeidh an tsiúlóid ar siúl?	
Cé mhéad airgid is gá a bhailiú le dul ar an tsiúlóid?	
Céard a scaipfear anocht?	

FÓGRA A DÓ

1. **(a)** Cén duine a mbeidh an ócáid chuimhneacháin ann ina ómós?

_____

(b) Cén t-am a mbeidh an teacht le chéile ag tosú?

_____

2. **(a)** Cad a eiseoidh Gael Linn ar an ócáid?

_____

(b) Cén uimhir theileafóin ar cheart glaoch uirthi le heolas a fháil faoin ócáid?

_____

Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá cheann*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **dhá uair**.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá mhír*** é. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cá raibh Síle ag an deireadh seachtaine?

_____

2. Cé mhéad a d'íoc Síle ar an ticéad?

_____

An Dara Mír

1. Cé a chuaigh le Síle go dtí an áit?

_____

2. Luaigh áis **amháin** a bhí san áit.

_____

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cé dóibh na hirisí a bhfuil Eoin ag caint fúthu anseo?

_____

2. Cén fáth nach mbeadh suim ag foilsitheoir in iris Ghaeilge-Bhéarla a chur i gcló, dar le hEoin?

_____

An Dara Mír

1. Luaigh cineál **amháin** ailt a bheadh in iris Ghaeilge-Bhéarla, dar le Máire.

_____

2. Cad a deir Eoin faoin nuachtán *Foinse?*

_____

Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá cheann*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cén chathair ina bhfuil an siopa Pagan?

_____

2. Luaigh rud **amháin** atá ar díol sa siopa.

_____

PÍOSA A DÓ

1. Cén bhliain ar cuireadh tús le scéim na scoláireachtaí cónaithe?

_____

2. Cad a bheidh ar fáil saor in aisce ag na mic léinn?

_____

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

A – GIOTA LEANÚNACH – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) An áit is fearr liom in Éirinn.

(ii) Duine cáiliúil a thaitníonn go mór liom.

(iii) Draíocht an cheoil.

B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) Chonaic mé an liathróid ag teacht i mo threo. D'fhéach mé timpeall orm, ní raibh aon duine in aice liom. Léim mo chroí le háthas …

nó

(ii) Bhí brón orm gur thóg mé mo chara liom ar saoire mar bhí sé/sí ag gearán an t-am go léir.

C – LITIR – (50 marc)

(i) Tá teach ósta nua oscailte ag do thuismitheoirí agus tá post samhraidh ar fáil sa chistin ann. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoin bpost agus ag moladh dó/di iarratas a chur isteach ar an bpost sin.

nó

(ii) Tá tú féin agus do chara ag iarraidh airgead a bhailiú chun seandaoine a thabhairt ar saoire. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig iarscoláire saibhir ó do scoil ag lorg airgid air/uirthi.

D – COMHRÁ – (50 marc)

(i) Ba mhaith le do rang damhsa mór a chur ar siúl i halla na scoile ag deireadh na bliana.
Níl an príomhoide róchinnte faoin smaoineamh. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoin ábhar sin.

nó

(ii) Is maith leat féachaint ar na cláir réaltachta mar **X Factor** ar an teilifís ach is fearr le do chara na cláir spóirt. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoi sin.

Leathanach Bán